Conspóid eile cánach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gconspóid is déanaí maidir leis an gcáin mhaoine.

Ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. Chairperson	a. *conspóid*
2. controversy	b. *maíonn*
3. local property tax	c. *coiste airgeadais*
4. uncertainty	d. *cáinte*
5. criticised	e. *feachtas bailiúcháin*
6. financial committee	f. *cáin mhaoine áitiúil*
7. claims	g. *cathaoirleach*
8. elderly people	h. *muinín na dtomhaltóirí*
9. it worries me a lot	i. *cuireann sé imní an-mhór orm*
10. consumers' trust	j. *daoine aosta*
11. collection campaign	k. *éiginnteacht*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

Ceist 2 Féach ar an tuairisc agus abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach:

1. Is é Michael Noonan Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim. **Fíor nó Bréagach**

2. Deir Ciarán Lynch nach mbeidh sé ag caint le haon duine ó na Coimisinéirí Ioncaim. **Fíor nó Bréagach**

3. Deir Joan Burton nach bhfuil na roghanna atá ann leis an gcáin a íoc soiléir. **Fíor nó Bréagach**

4. Níor thuig Diarmaid Mac Cárthaigh an litir ach an oiread. **Fíor nó Bréagach**

5. Is saineolaí é Tomás Breathnach ar chúrsaí ríomhaireachta. **Fíor nó Bréagach**

6. Tá imní ar eagraíocht na siopaí, *Retail Excellence*, nach mbeidh daoine sásta airgead a chaitheamh um Nollaig. **Fíor nó Bréagach**

Ceist 3 '…**ar** shiopaí, **ar** bhialanna agus **ar** thithe tábhairne…'

A. Féach ar na habairtí agus cuir líne faoi na réamhfhocail shimplí atá iontu.

1. Bain an bhábóg de Bhrian agus tabhair do Shíle í.
2. Beidh an obair déanta agam roimh dheireadh na seachtaine.
3. Nach bhfuil an mála ag Seán?

4. Tá m'athair ina chónaí i gCorcaigh faoi láthair.
5. Is cinnte go bhfuil an cat faoi bhlaincéad éigin.
6. Nach bhfuil Máire imithe le Mairéad?
7. Tá an litir ar sheilf éigin sa chistin.
8. Is as Baile Átha Cliath ó dhúchas é.
9. Chuaigh an múinteoir thar sheomra na ndaltaí agus chonaic sí muid.
10. Tá mé ag dul go dtí an siopa.

B. Scríobh amach na réamhfhocail shimplí sa bhosca cuí ar chlé. Tá an chéad cheann déanta duit.

Na réamhfhocail shimplí	An riail
de	+ *séimhiú*
	gan séimhiú

Ceist 4 '…Diarmuid Mac Cárthaigh…'

1. Cad is brí le d'ainm féin agus le do shloinne?
2. An mbaineann tú úsáid as an leagan Gaeilge nó as an leagan Béarla de do shloinne? Cén fáth?
3. An maith leat d'ainm? Cén fáth?
4. Roghnaigh an focal ceart *Ní* no *Nic* le cur sna spásanna cuí:

Ó	
Mac	

5. Cad is brí leis na focail sin?
6. Conas a deirtear *Mr* agus *Mrs* i nGaeilge?

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar na leaganacha seo thíos. Bhí leaganacha eile sa mhír a raibh an chiall chéanna acu. An féidir libh iad a aimsiú? Éistigí leis an mír arís más gá.

ag teastáil ó	de bhrí
a chur trasna	ar fad ar fad
cad faoi	ag druidim le

Ceist 6 Pléigh an cheist seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

Cén fáth a n-íoctar cáin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	a	f	k	d	c	b	j	i	h	e

Ceist 2

1. Bréagach
2. Bréagach
3. Fíor
4. Fíor
5. Bréagach
6. Fíor

Ceist 3

1. Bain an bhábóg **de** Bhrian agus tabhair **do** Shíle í.
2. Beidh an obair déanta agam **roimh** dheireadh na seachtaine.
3. Nach bhfuil an mála **ag** Seán?
4. Tá m'athair ina chónaí **i** gCorcaigh faoi láthair.
5. Is cinnte go bhfuil an cat **faoi** bhlaincéad éigin.
6. Nach bhfuil Máire imithe **le** Mairéad?
7. Tá an litir **ar** sheilf éigin **sa** chistin.
8. Is **as** Baile Átha Cliath **ó** dhúchas é.
9. Chuaigh an múinteoir **thar** sheomra na ndaltaí agus chonaic sí muid.
10. Tá mé ag dul **go dtí** an siopa.

Na réamhfhocail shimplí	An riail
de, do, roimh, faoi, ar sa, ó, thar	+ *séimhiú*
ag, as, le, go dtí i (+ urú)	*gan séimhiú*

Ceist 4

Tuairimíocht atá i gceist le ceist 1 – 3.

Ó (grandson)	Ní (daughter of the grandson)
Mac (son)	Nic (daughter of the son)

An tUasal _____, Bean Uí _____ nó Bean Mhic _____.

Ceist 5

ag teastáil ó – de dhíth ar
a chur trasna – a chur in iúl
cad faoi – cad mar gheall ar
de bhrí – toisc
ar fad ar fad – go deo
ag druidim le – ag teacht suas

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Beidh cruinniú anocht ag an Aire Airgeadais, Michael Noonan, le Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim, chun an chonspóid maidir leis an gcáin mhaoine áitiúil a phlé. Tá an éiginnteacht faoi cén uair a chaithfear cáin na bliana seo chugainn a íoc cáinte ag lucht gnó agus ag polaiteoirí.

Grett O'Connor
Deir an Teachta, Ciarán Lynch, go mbeidh ionadaí ó na Coimisinéirí Ioncaim á thabhairt os comhair choiste airgeadais an Oireachtais aige chun ceisteanna a fhreagairt maidir leis an gcóras conspóideach bailiúcháin. Maíonn an rialtas nach bhfuil sé de dhíth ar éinne an cháin a íoc i mbliana don bhliain seo chugainn. Ach, deir an tAire, Joan Burton, go gcaithfear na roghanna atá ar fail a chur in iúl níos soiléire. Is léir go bhfuil easpa soiléireachta i gceist.

A Dhiarmuid, a bhféachfaidh ar an litir sin dom, féachaint an dtuigeann tú é?

Diarmuid Mac Cárthaigh
Fuaireas an litir sin sa bhaile freisin agus ní thuigim é. Tá sé fíordheacair é a thuiscint agus murar féidir liomsa é a thuiscint cad mar gheall ar na daoine aosta atá ina gcónaí leo féin? Ní féidir leo é a thuiscint.

Tomás Breathnach
Cuireann an rud seo imní an-mhór orm, toisc nach bhfuil taithí …tá taithí agam ach ní *expert* atá ionaim ar an idirlíon ach an imní mhór[1] atá ormsa[2] faoin idirlíon ná go bhfuil rud déanta agam ach an bhfuil sé déanta i gceart agam?

Grett O'Connor
Deir eagraíocht na siopadóirí *Retail Excellence Ireland* go ndéanfaidh na litreacha seo an-dochar go deo don méid airgid a chaithfear sa tír ag teacht suas i dtreo na Nollag. Deir siad go bhfuil an t-uafás oibre déanta ag an rialtas ag iarraidh muinín na dtomhaltóirí a mhúscailt. Anois, leis an bhfeachtas bailiúcháin is déanaí, deir siad go loitfear séasúr luachmhar na Nollag ar shiopaí, ar bhialanna agus ar thithe tábhairne.

Grett O Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *mór* a deirtear
[2] *agamsa* a deirtear